## AGUISÍN A GHABHANN LEIS AN nGLAO AR LÉIRIÚ SPÉISE LE hAGHAIDH BAILL FOIRNE AR CONRADH

(1) Ar leathanach 2, ba cheart mír 1 de Roinn 1 a léamh mar seo a leanas:

‘(1) Is leis na próifílí agus na grúpaí feidhme seo a leanas a bhaineann an glao seo ar léiriú spéise:

| Ui mh. | Tagairt | Próifíl | Grúpa feidhme (GF) |
|---|---|---|---|
| 1 | EPSO/CAST/P/1/2017 | Airgeadas | Grúpa Feidhme III |
| 2 | EPSO/CAST/P/2/2017 | Airgeadas | Grúpa Feidhme IV |
| 3 | EPSO/CAST/P/3/2017 | Bainistiú tionscadal/clár | Grúpa Feidhme III |
| 4 | EPSO/CAST/P/4/2017 | Bainistiú tionscadal/clár | Grúpa Feidhme IV |
| 5 | EPSO/CAST/P/5/2017 | Airgeadas | Grúpa Feidhme II |
| 6 | EPSO/CAST/P/6/2017 | Rúnaithe/Cléirigh | Grúpa Feidhme II |
| 7 | EPSO/CAST/P/7/2017 | Riarachán/Acmhainní daonna | Grúpa Feidhme II |
| 8 | EPSO/CAST/P/8/2017 | Riarachán/Acmhainní daonna | Grúpa Feidhme III |
| 9 | EPSO/CAST/P/9/2017 | Riarachán/Acmhainní daonna | Grúpa Feidhme IV |
| 10 | EPSO/CAST/P/10/2017 | Cumarsáid | Grúpa Feidhme III |
| 11 | EPSO/CAST/P/11/2017 | Cumarsáid | Grúpa Feidhme IV |
| 12 | EPSO/CAST/P/12/2017 | Gnóthaí polaitiúla/Beartais an Aontais | Grúpa Feidhme III |
| 13 | EPSO/CAST/P/13/2017 | Gnóthaí polaitiúla/Beartais an Aontais | Grúpa Feidhme IV |
| 14 | EPSO/CAST/P/14/2017 | Dlí | Grúpa Feidhme III |
| 15 | EPSO/CAST/P/15/2017 | Dlí | Grúpa Feidhme IV |
| 16 | EPSO/CAST/P/16/2017 | Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide | Grúpa Feidhme III |
| 17 | EPSO/CAST/P/17/2017 | Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide | Grúpa Feidhme IV |
| 18 | EPSO/CAST/P/18/2017 | Oibrithe tacaíochta láimhe agus riaracháin | Grúpa Feidhme I |
| 19 | EPSO/CAST/P/19/2018 | Baill foirne cúraim leanaí | Grúpa Feidhme II |
| 20 | EPSO/CAST/P/20/2018 | Síceolaithe oideachasúla | Grúpa Feidhme IV |
| 21 | EPSO/CAST/P/21/2019 | Profléitheoirí | Grúpa Feidhme III |
| 22 | EPSO/CAST/P/22/2019 | Aistritheoirí | Grúpa Feidhme IV |
| 23 | EPSO/CAST/P/23/2022 | Bainistiú Foirgneamh — Gníomhaire lóistíochta agus teicniúil | Grúpa Feidhme II |
| 24 | EPSO/CAST/P/24/2022 | Bainistiú Foirgneamh — Speisialtóir foirgneamh | Grúpa Feidhme III |
| 25 | EPSO/CAST/P/25/2022 | Bainistiú Foirgneamh — Innealtóir/ailtire | Grúpa Feidhme IV |
| 26 | EPSO/CAST/P/26/2023 | Oibríochtaí slándála, slándáil réigiúnach san áireamh | Grúpa Feidhme IV |
| 27 | EPSO/CAST/P/27/2023 | Oibríochtaí slándála, slándáil réigiúnach san áireamh | Grúpa Feidhme III |
| 28 | EPSO/CAST/P/28/2023 | Oibríochtaí slándála | Grúpa Feidhme II |
| 29 | EPSO/CAST/P/29/2023 | Slándáil theicniúil | Grúpa Feidhme IV |
| 30 | EPSO/CAST/P/30/2023 | Slándáil theicniúil | Grúpa Feidhme III |
| 31 | EPSO/CAST/P/31/2023 | Slándáil theicniúil | Grúpa Feidhme II |
| 32 | EPSO/CAST/P/32/2023 | Slándáil faisnéise agus doiciméad | Grúpa Feidhme IV |
| 33 | EPSO/CAST/P/33/2023 | Slándáil faisnéise agus doiciméad | Grúpa Feidhme III |
| 34 | EPSO/CAST/P/34/2023 | Slándáil TF | Grúpa Feidhme IV |
| 35 | EPSO/CAST/P/35/2023 | Slándáil TF | Grúpa Feidhme III |
| 36 | EPSO/CAST/P/36/2024 | Bainisteoir taifead - cartlannaí | Grúpa Feidhme IV |

(2) I ndeireadh Iarscríbhinn I, ‘Príomhdhualgais’, ba cheart na rannáin seo a leanas a chur leis:

### ‘BAINISTEOIR TAIFEAD - CARTLANNAÍ - Grúpa Feidhme IV

- Cúnamh agus comhairle a thabhairt do lucht bainistíochta maidir le gach gné den bheartas bainistithe taifead agus cartlannaithe.
- Rialacha agus nósanna imeachta a fhorbairt agus a chur chun feidhme maidir le taifid a bhainistiú agus a chartlannú agus rannchuidiú le feabhas a chur ar nósanna imeachta oibre atá ann cheana, ar uirlisí bainistithe taifead (sceidil choinneála, plean comhdaithe, fardal cartlann agus uirlisí cartlainne eile) agus ar chórais TF.
- Rochtain ar dhoiciméid a chinntiú i gcomhréir leis na forálacha is infheidhme agus tar éis iarrataí inmheánacha agus seachtracha ar fhaisnéis a láimhseáil.
- Oiliúint a chur ar úsáideoirí i nósanna imeachta agus modhanna a bhaineann le bainistiú taifead agus cartlann.
- Rannchuidiú le barántúlacht agus caomhnú fadtéarmach doiciméad a chinntiú, go háirithe i dtimpeallacht leictreonach.
- Tionscadail a bhainistiú i réimse an bhainistithe taifead agus cartlann.
- Páirt a ghlacadh i soláthar poiblí agus i gconraitheoireacht, agus i bpleanáil agus i monatóireacht airgeadais ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le bainistiú taifead agus cartlann.

### BAINISTEOIR TAIFEAD - CARTLANNAÍ - Grúpa Feidhme III

- Cúnamh a thabhairt rialacha bainistithe doiciméad a chur chun feidhme agus córais TF thiomnaithe a úsáid go héifeachtúil.
- Cuidiú a thabhairt treoirlínte a tharraingt suas agus feabhas a chur ar nósanna imeachta oibre atá ann cheana i réimse an bhainistithe taifead agus cartlann.
- Doiciméid a bhailiú, a shórtáil, a innéacsú, a aicmiú agus a chaomhnú, cur síos comhthéacsúil stairiúil a scríobh ar ghabhháltais, tagairtí do dhoiciméid agus do chomhaid a iontráil, comhaid a ullmhú agus a anailísiú lena bpróiseáil.
- Plean aicmiúcháin agus fardail cartlann a tharraingt suas agus a thabhairt cothrom le dáta, lena gcinntítear barántúlacht doiciméad.
    - Cúnamh a chur ar fáil d’úsáideoirí; cabhrú le taighdeoirí, maoirseacht a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí cartlannaithe, slándáil seomraí comhairliúcháin agus cartlanna a eagrú, a chinntiú

agus a chur ar fáil i gcásanna ina ndéanfar doiciméid rúnda a scrúdú; oiliúint a chur ar úsáideoirí agus ar bhaill foirne sa réimse gairme ábhartha.

- Riarachán buiséid (teagmháil a dhéanamh le soláthróirí, iarrataí a ullmhú chun caiteachas a ghealladh, etc.); doiciméid tairisceana a ullmhú/a fhíorú agus cabhrú i leith nósanna imeachta eile maidir le conarthaí poiblí.'